



Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Clár

Luathléitheoireachta

Gníomhaíochtaí Tacaíochta

rith

súgradh

léim

Banda 2

An Clár Luathléitheoireachta

Clár

Réamhrá le CCEA	2
Intreoir leis an Áisaonad	3
Scéim léitheoireachta CLEITE - Nótaí do Mhúinteoirí	
Cur Síos ar Thréithe Bhanda 2	8
Gach Leabhar Cláraithe	11
Spriocfhocail agus Leabhair	35
Spriocfhocail Athráite Bhanda 1 agus 2	36
Measúnú	39
Taifead Measúnaithe	43
Scéim Léitheoireachta CLEITE - Nótaí do Thuismitheoirí	44
Intreoir do na Gníomhaíochtaí	45
Gníomhaíochtaí Cláraithe, Banda 2a	46
Gníomhaíochtaí Cláraithe, Banda 2b	50
Gníomhaíochtaí Cláraithe, Banda 2c	54
Gníomhaíochtaí, Banda 2a	59
Gníomhaíochtaí, Banda 2b	119
Gníomhaíochtaí, Banda 2c	183

An Clár Luathléitheoireachta

Réamhrá le CCEA

Tacaíonn na gníomhaíochtaí san acmhainn seo leis an Chlár Luathléitheoireachta, Banda 2. Is toradh ar chomhfhiontar í idir trí sholáthraí acmhainní don earnáil Ghaelscolaíochta thuaidh agus theas, mar atá an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin & Measúnaithe (CCEA), Béal Feirste, an tÁisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste agus an Chomhairle um Oideachas Gaelscolaíochta & Gaeltachta (COGG), Baile Átha Cliath. Is acmhainn ar leith í a thacaíonn leis an Chlár Luathléitheoireachta, CLEITE. Is clár leabhar é CLEITE atá déanta ag an Áisaonad le maoiniú agus tacaíocht ó COGG. Tá na gníomhaíochtaí tacaíochta seo anois á soláthar ag CCEA mar chuid dá clár tacaíochta féin don earnáil ó thuaidh.

Sa dóigh gur féidir an acmhainn seo a úsáid ar bhonn uile-oileánda, aontaíodh ar an fhoclóir atá i mBanda 2 roimh ré idir COGG agus an tÁisaonad agus lean CCEA de sin. Rinneadh iarracht mórcheisteanna canúna a laghdú oiread agus ab fhéidir. Cuirtear gníomhaíochtaí comhroghnacha ar fáil anseo dá réir.

Tá Gníomhaíochtaí Bhandra 2 ar fáil fosta go díreach ar shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann www.nicurriculum.org.uk nó ar www.ccea.org.uk mar ar féidir le múinteoirí agus le tuismitheoirí araon na háiseanna éagsúla a bhreathnú nó a íoslódáil. Tá deis ag tuismitheoirí fosta, mar sin, a bheith páirteach i bhfoghlaim a gcuid páistí fosta agus an acmhainn seo ar fáil ar líne dóibh ach sin a dhéanamh i gcomhar leis an mhúinteoir.

Tá an acmhainn seo á soláthar ag COGG don earnáil ó dheas.

Arna dhearadh agus arna tháirgeadh ag CCEA. Tá CCEA fíorbhuíoch den Áisaonad as cead a fháil ábhar na ngníomhaíochtaí seo a fhoilsiú.

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir cuid ar bith den acmhainn seo a athfhoilsiú i gcruth ar bith nó ar dhóigh ar bith gan cead a fháil roimh ré ó CCEA agus ón Áisaonad.

An Clár Luathléitheoireachta

Intreoir leis an Áisaonad

Foghlaim na Léitheoireachta

Is é seo an dara Banda sa chlár léitheoireachta *Cleite*. Mar a bhí amhlaidh i mBanda 1, tá 60 leabhar ann, idir fhicsean agus neamhfhicsean agus an sprioc ann go mbeidh taithí leathan léitheoireachta ag luathléitheoirí.

Le léamh go líofa, ní mór scileanna éagsúla a chomhordú. Tá an cleachtadh agus an daingniú ríthábhachtach agus leis sin a dhéanamh, tá réimse leathan leabhar de dhíth. Rinneadh iarracht sa chlár seo, mar sin, aghaidh a thabhairt ar na straitéisí éagsúla léitheoireachta atá de dhíth ar an túsleitheoir agus go leor ábhar léitheoireachta a sholáthar ansin leis na scileanna ar fad a dhaingniú.

Sa Bhandá seo, tógtar ar, agus cuirtear leis na scileanna ar tosaíodh orthu sa chéad Bhandá trí athrá agus athchleachtadh.

Stair an Chláir

Mar chuid d'obair reatha an Áisaonaid, cuirtear ceistneoir chuig Gaelscoileanna ar bhonn rialta agus is ón eolas a bhailítear leis an aiseolas seo, chomh maith le hobair le fócasghrúpaí a bhaineann leis na bliainghrúpaí éagsúla, a shocraítear clár oibre an Áisaonaid. Is é a iarradh ar an Áisaonad mar sin, díriú ar thús na léitheoireachta sa Ghaelscolaíocht de réir bliainghrúpa. Seo tosaíocht a shainaithin an earnáil féin.

An chéad chéim a bhí ann ná amharc ar an soláthar a bhí ann agus na bearnaí a aimsiú sa ghné seo den léitheoireacht. Aithníodh nach raibh leabhair ann a dhírigh ar thús na léitheoireachta ina raibh athrá ar spriocfhocail áirithe agus spriocfhrásaí áirithe, chomh maith le focail fuaime agus focail suime á láimhseáil go comhthreomhar.

Shocraigh an tÁisaonad múinteoirí na Bonnchéime a thabhairt le chéile le barúlacha a bhailiú agus le moltaí a fháil ar an chur chuige is éifeachtaí leis an sprioc seo a chomhlíonadh. Bhí níos mó ná fiche scoil páirteach sa lá plé seo chomh maith le léachtóirí Choláiste Ollscoile Naomh Muire, na comhairleoirí ó na Boird Oideachais agus Comhairle na Gaelscolaíochta. Bailíodh eolas an lá sin agus cuireadh ainmneacha chun tosaigh don mheitheal a chuirfeadh tús leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, cuireadh ceistneoir chuig scoileanna maidir le mórcheisteanna a tháinig aníos sa phlé agus tháinig freagraí agus moltaí ó chóir a bheith gach scoil san earnáil.

Mothaíodh go raibh ganntanas de leabhair tharraingteacha ann a bhain le ficsean agus neamhfhicsean ag leibhéal an-simplí. Bhí rún againn oiread leabhar ag an leibhéal seo a chur ar fáil agus a thiocfadh linn, le cleachtadh a thabhairt do na túsleitheoirí. Mhol muid clár gasta ach le rogha leathan a dhéanadh bliainghrúpa nó dhó, ag brath ar chumas na bpáistí. Ba mhian linn clár a d'ullmhódh páistí do gach leabhar a chuirfí rompu sna blianta ina dhiaidh sin. Má thugtar scileanna díchódaithe agus scileanna tuisceana in éineacht lena chéile, déanfar léitheoirí neamhspleácha de pháistí.

An Clár Luathléitheoireachta

An Clár Luathléitheoireachta

Sraith leabhar do luathbhlianta na Gaelscolaíochta atá ann. Tuigtear go mbeidh dúshraith ag na páistí sa léitheoireacht chomhpháirteach, sa léitheoireacht mhúnlaithé agus sa léitheoireacht faoi threoir, roimh thosú agus go comhthreomhar le húsáid na leabhar seo. Ba cheart go mbeadh tuiscint ag na páistí ar struchtúr téacsanna, teanga leabhar agus gurb é cuspóir na léitheoireachta ciall a bhaint as prionta roimh thosú ar na leabhair seo. Ba cheart, fosta, fiosracht a chothú i dtaobh focal, a gcuid fuaimeanna agus patrún agus an dóigh a bhfuil focail déanta mar dhúshraith. (*Reading, Language and Literacy in the Foundation Stage, Curaclam Thuaisceart Éireann, CCEA*).

Tógann an 60 leabhar sa Bhandá seo ar na scileanna ar tosaíodh orthu i mBanda 1. Ba cheart, mar sin, Banda 1 a léamh roimh thosú ar Bhandá 2. Is clár leanúnach é seo agus tógtar ar na scileanna léitheoireachta ar an dóigh seo.

Is sraith í seo, fosta, atá dírithe ar pháistí sa chóras tumoideachais agus ba cheart go mbeadh dúshraith mhaith theanga acu roimh thosú ar an léitheoireacht neamhspleách. Tá an tuiscint an-tábhachtach sa léitheoireacht agus ní fiú scileanna nó straitéisí díchódaithé nó aitheanta focal a chothú sna páistí mura dtuigeann siad ciall na bhfocal seo. Cuimhnigh, mar sin, gur gné an-tábhachtach de na critéir a bhaineann le páistí a bheith réidh don léitheoireacht é sealbhú na Gaeilge.

Rinneadh go leor staidéir ar chur chuige na léitheoireachta, go háirithe sa dara teanga, mar chuid den tionscadal seo, agus roghnaíodh an cur chuige is fearr, dar linn, leis an sprioc a bhaint amach. Is é sin léitheoirí neamhspleácha a chruthú a bheas ábalta a gcuid scileanna léitheoireachta a úsáid sna hachair foghlama ar fad. Ba mhaith linn grá a chothú sna páistí do léitheoireacht na Gaeilge agus is chuige sin a raibh sé d'aidhm againn leabhair shuimiúla spreagúla a dhéanamh a mbeadh fonn ar pháistí iad a léamh.

An Dara Banda, an Banda Dearg – 60 leabhar

Socraíodh, mar threoir, go leanfaí moltaí *Book Bands for Guided Reading (UK Reading Recovery National Network, 2007)*. Ach, ar a bharr sin, éisteadh le barúlacha na múinteoirí ar an ghrúpa a bhfuil taithí fhada acu ag teagasc na léitheoireachta sna luathbhlianta agus sa chóras tumoideachais Gaelscolaíochta. Triaileadh na dréachtaí i ranganna mhúinteoirí an ghrúpa agus is mar gheall ar na trialacha seo a aimsíodh leibhéal na teanga sa Bhandá seo. Tá 60 leabhar i mBanda 2 chomh maith, agus rinneadh trí chuid de arís mar a rinneadh sa chéad Bhandá, 2(a), 2(b) agus 2(c). Tá dhá nó trí líne téacs sna leabhair 2(a) agus iad rialta maidir le leagan amach agus suíomh na bhfocal agus furasta a thuar. Faoi 2(c), tá ceithre nó cúig líne téacs ann agus cuid de na habairtí athraithe maidir le struchtúr agus suíomh na bhfocal. Tá na leabhair seo níos deacra a thuar agus caithfidh an léitheoir na scileanna éagsúla léitheoireachta a úsáid lena léamh. Tá na pictiúir i mBanda 2 ag teacht leis na focail suime go fóill ach tá rudaí eile iontu chomh maith. Arís, caithfidh an léitheoir na scileanna eile léitheoireachta a úsáid chomh maith le pictiúrleid. Tógtar arís ar úsáid an tséimhithe i mBanda 2(a) agus tá rogha ann idir leaganacha le séimhiú nó le hurú in 2(b) agus 2(c). Tógtar ar ghnéithe eile teanga; siollaí, rím, fleiscín, *d'* san aimsir chaite roimh ghuta, an uimhir iolra, inscní, úsáid aidiachtaí san iolra agus san uatha, focail bheaga i bhfocail mhóra. Clúdaíodh eolas measartha bunúsach ar Fhónaic na Gaeilge i mBanda 1 agus tógtar air sin sa Bhandá seo. Amharctar ar na litreacha dúbailte sa Ghaeilge chomh maith leis na fuaimeanna **ch, mh, th, bh, fh, ph, (gc, ng, bhf sna leaganacha comhroghnacha)**, na leaganacha caola agus leathana de **s, d, t, bh**, na fuaimeanna **ia** agus **ua**, ar fuaimeanna fónaice thar a bheith coitianta iad sa Ghaeilge, agus cuirtear tús le hamharc ar na féidearthachtaí éagsúla leis na fuaimeanna í agus **ú**.

An Clár Luathléitheoireachta

Roghnú na Leabhar

Is trí mhionscrúdú a dhéanamh ar shamplaí Béarla den chineál seo leabhar a shocraigh muid nárbh fhiú an chuid is mó de na leabhair seo a dhéanamh ó bhun. Bhí caighdeán an-ard pictiúr agus an-tábhacht leis na pictiúir sna leabhair seo agus mheas muid gurbh fhearr iad seo a úsáid nuair ab fhéidir é. D'aithin muid go raibh oiread tábhachta leis na pictiúir agus a bhí leis an téacs. Chuaigh muid trí na céadta leabhar agus roghnaigh muid leabhair a bhí ag teacht leis an sprioc a bhí againn maidir le foclóir agus téacs agus chruthaigh muid ár dtéacs féin a bhí ag teacht leis na pictiúir. Ní aistriúchán iad na leabhair seo, níl ann ach gur úsáid muid na pictiúir agus an leagan amach. Rinne an tÁisaonad socrú le foilsitheoirí éagsúla a bhí roghnaithe againn. Ní i gcónaí a bhí an córas seo éifeachtach agus shocraigh muid ar chuid de na leabhair a bhain le gnéithe áirithe den Ghaeilge a scríobh agus a dhéanamh ó bhun. D'fhostaigh muid grianghrafadóir, thug treoir chuimsitheach dó agus ghlac sé pictiúir do na leabhair áirithe sin.

Na foilsitheoirí a roghnaigh muid ná:

Sails – Carroll Heinemann (x30 leabhar)

'The Sails Literacy Series develops analytical thinking skills, decoding and comprehension skills, understanding of fiction and non-fiction, understanding of purpose, structure and genre.' Thaitin leagan amach na scéime seo linn agus lean muid an sampla seo lenár gclár féin. Tá uimhir an leabhair agus an spriocfhocal léirithe ar an chlúdach cúil, rud a spreag muid i leagan amach ár gcláir féin.

Collins Big Cats – Harper Collins (x10 leabhar)

Tá na pictiúir sna leabhair seo an-tarraingteach agus spreagúil. Chomh maith leis sin, tá nótaí an mhúinteora taobh istigh de chlúdach cúil na leabhar. Shocraigh muid ar a leithéid a chur ar fáil sa chlár seo chomh maith le nótaí tuismitheora i mBéarla.

Literacy Links – Kingscourt (x6 leabhar)

Is leabhair bheaga shimplí iad seo a bhfuil pictiúir shoiléire iontu. Tá an tsraith seo ag Kingscourt curtha i mbandaí do léitheoireacht an Bhéarla agus bhí na pictiúir sna leabhair áirithe seo ag teacht leis an sprioc a bhí againn féin le léitheoireacht na Gaeilge.

Fireflies – Oxford Reading Tree (x2 leabhar)

'Oxford Reading Tree integrates speaking and listening, high quality phonics teaching and language comprehension. It is a whole language approach and a story method – not a vocabulary controlled scheme but key words frequently repeated.' Lean muid an teoiric atá ag ORT a léiríonn nach bhfuil focail mar *killer-whale, tomato sauce, spaceman* níos deacra ag páistí ná *as, we, can, you, srl*. Cuidíonn siad le ciall agus tuiscint agus tá tacaíocht sna pictiúir. Rinne muid iarracht a leithéid a dhéanamh i nGaeilge.

Mitchell/Kane – (x12 leabhar)

Is iad seo na leabhair a chruthaigh muid ó bhun agus muid ag díriú ar ghnéithe áirithe den Ghaeilge. Ba mhian linn grianghraif de na Gaelscoileanna ar fad a bhí páirteach i scríobh na leabhar a bheith iontu. Ar an dóigh seo, tá an Ghaeilge le feiceáil sa timpeallacht, sna pictiúir agus in éadaí scoile, mar shampla. Tá na gnéithe seo tábhachtach le páistí óga a spreagadh sa léitheoireacht. Rinneadh iarracht sna leabhair seo suimeanna na bpáistí Gaelscoile a léiriú. Is féidir gnéithe áirithe de theanga na Gaeilge a iniúchadh sna téacsanna seo agus focail ar leith a roghnú le scil léitheoireachta a dhaingniú, *m.sh.* baineann an leabhar ina bhfuil *teacht* mar spriocfhocal le tithe agus an focal *teach* ann go minic.

An Clár Luathléitheoireachta

Tá leaganacha comhroghnacha ann de chuid de na leabhair seo agus struchtúr le séimhiú nó urú mar rogha chomh maith leis na frásaí *thig liom* nó *is féidir liom*.

Struchtúr an Cláir

- Tá idir fhicsean agus neamhfhicsean (thart faoi 60% ficsean, 40% neamhfhicsean) ann ó thaobh téacsanna de - neamhfhicsean bunaithe ar rudaí coitianta/taithí na bpáistí agus ar rudaí atá i dtéamaí curaclaim.
- Tá bandaí ann. Tá 60 leabhar sa bhanda seo agus bhí 60 leabhar sa bhanda roimhe seo.
- Mar a bhí amhlaidh le Banda 1, tá trí chuid déanta de Bhanda 2. Banda 2(a), Banda 2(b) agus Banda 2(c). Tá na leabhair in ord deacrachta agus tá uimhir agus ord na leabhar ar chúl gach leabhair.

An Teanga

- Tá spriocfhocal le gach leabhar agus dhá leabhar ar gach spriocfhocal. Clúdaíodh 30 spriocfhocal sa chéad bhanda agus clúdaítear 30 spriocfhocal sa dara Banda. Tá na focail seo athráite sna leabhair iartheachacha, mar chleachtadh agus daingniú.
- Tá focail fuaime sa chéad Bhanda chomh maith, is é sin focail atá furasta a dhíchódú ina bhfuil litir amháin a sheasann d'fhuaim amháin. Tógtar ar an eolas seo i mBanda 2. Tá béim ar na litreacha dúbailte mar fhuaimneanna agus ar na fuaimeanna coitianta **ch, bh, th, mh, fh, ph** (*gc, ng, bhf* sna leaganacha comhroghnacha). Ansin, déantar na leaganacha caola agus leathana de **s, d, t, bh,** na fuaimeanna **ia** agus **ua** agus roghanna éagsúla de na fuaimeanna **í** agus **ú**.
- Tá focail suime ann atá léirithe i gcónaí sna pictiúir. Cuirfidh sé seo le stóras focal agus daingniú teanga na bpáistí agus tógfar ar scil na bpictiúrleideanna, na dtúsfhuaimeanna agus leideanna eile atá na páistí a thógáil de réir a chéile. Is cinnte go bhfuil tacaíocht de dhíth ar na páistí na leideanna agus na scileanna seo a úsáid leis na focail seo a léamh. Ní bheidh na páistí ábalta na focail

seo a scríobh. Beidh tacaíocht de dhíth ar an léitheoir na focail seo a rá nó a léamh i nGaeilge agus déanfar sin le gníomhaíochtaí roimh ré, le siúl trí phictiúir an leabhair roimh ré leis an fhoclóir a phlé agus leis na leideanna eile léitheoireachta a úsáid; focail a bhriseadh ina siollaí, tús, lár nó deireadh a léamh, focail bheaga a aithint iontu, cosúlachtaí a aithint le focail eile, patrún nó cruth an fhocail a aithint.

- Tá athrá ar fhrásaí a bheadh ag na páistí ó bhéal agus éagsúlacht de fhrásaí ann le cuidiú le comhréir agus struchtúr na Gaeilge.
- Tá an séimhiú ann sa Bhanda seo. Tá sampla de **mo** agus séimhiú, an tuiseal gairmeach le séimhiú, agus **sa** le séimhiú i mBanda 2(a). Leantar leis seo agus le samplaí de **ar an** agus séimhiú (nó urú) i mBanda 2(b) agus 2(c).
- Tá éagsúlacht ann maidir le húsáid poncaíochta; comhartha ceiste, comhartha uailbhreasa agus comharthaí cainte. Is daingniú é seo ar úsáid na poncaíochta i mBanda 1. Pléitear an chamóg i mBanda 2, i dtús báire le sos nó i línte dáin agus ansin le liostaí. Tá poncanna a léiríonn scéal ar leanúint thar leathanaigh ann chomh maith.

An leagan amach

- Tá an chlófhóireann chéanna in úsáid i mBanda 1 agus i mBanda 2 ar fad. Tá an cló rud beag níos lú i mBanda 2.
- Tá líne amháin téacs i mBanda 1(a) agus 1(b) agus dhá líne téacs in amanna i mBanda 1(c). Tá dhá nó trí líne téacs i mBanda 2(a) agus tá suas le 5 líne téacs i mBanda 2(c).
- I mBanda 2, pléitear le leagan amach abairtí. In amanna tá dhá abairt ar líne amháin agus in amanna eile tá abairtí ann a théann thar dhá líne mar abairt leanúnach.
- Tá neart ábhar plé sna pictiúir agus tá na pictiúir mar shíneadh ar an téacs.
- Tá teoracha taobh istigh de chlúdach cúil/ tosaigh gach leabhair – don mhúinteoir agus don tuismitheoir.

An Clár Luathléitheoireachta

Measúnú

Tá leathanach measúnaithe ann ar scileanna léitheoireachta an pháiste atá ag teacht leis na spriocanna a bhaineann le Banda 2 sa chlár seo. Is treoir é seo don mhúinteoir agus chuir muid córas na soilse tráchta i bhfeidhm mar scéim mharcála a bheas le feiceáil go soiléir, mar atá amhlaidh i mBanda 1. Chomh maith leis an taifead múinteora seo ar na scileanna ar fad léitheoireachta, leanadh de chleachtas Bhandra 1 le leathanaigh ar leith do na spriocfhocail i mBanda 2(a), 2(b) agus 2(c). Tá pictiúir ann le dathú ag an pháiste má tá sé/sí ábalta na spriocfhocail a léamh as comhthéacs. Cuirfidh an múinteoir marc in aice leis na focail nach bhfuil an páiste ábalta a léamh go fóill agus ní chuirfidh an páiste dath ar an phictiúr áirithe sin.

Buíochas agus aitheantas

Is é Grúpa Luathléitheoireachta an Áisaonaid a chuir an clár seo le chéile, idir cur chuige a shocrú, roghnú na dtéacsanna, scríobh na leabhar agus eagrú an chlár. Thriail siad na leabhair chomh maith ag staideanna éagsúla sna scoileanna, rud a thug treoir maidir le dul chun cinn na hoibre.

Jacqueline de Brún, An tÁisaonad, Stiúirthóir an Chláir

Na múinteoirí

Dolores Barnes, Bunscoil Phobal Feirste

Deirdre Uí Choisneacháin, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh

Orla Flanagan, Gaelscoil na bhFál

Seosaimhín Ní Ghríobín, Bunscoil Bheann Mhadagáin

Clare O'Loughlin, Bunscoil Naomh Bríd

Joanne Uí Luachráin, Bunscoil Naomh Proinsias

Aoife Ní Phóilin, Gaelscoil na bhFál

Caitriona Nic Sheáin, Scoil an Droichid

Máiréad Nig Uaid, Scoil na Fuiseoige

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le príomhoidí na scoileanna sin thuasluaite a thug tacaíocht dúinn trí ligean do na múinteoirí bheith saor ó dhualgais ranga le tacú leis an chlár seo agus leis na leabhair a thriail ina scoileanna.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith leis na daoine ar fad a thug comhairle agus tacaíocht dúinn le linn na hoibre seo.

Máire Nic Sheáin, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Eibhlín Mhic Aoidh, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Dhroim Conrach, Hilary McAvoy, Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste, Brídín Nic Uiginn, Séideán Sí, Catherine Gilliland, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Nuala Ní Chatháin, Bunscoil Naomh Pádraig, Máirín Nic Giolla Fhinnéin, Bunscoil Naomh Pádraig, Eileen Ní Shiall, Scoil na mBráithre Críostaí, Ard Mhacha, Lavinia McGrath, Scoil na mBráithre Críostaí, Ard Mhacha agus leis na scoileanna a ghlac páirt sa lá plé agus a sheol ceistneoir chugainn. Is é **Fiontán Ó Mealláin** a ghlac na grianghraif agus a rinne an dearadh do na 19 leabhar a d'fhoilsigh Mitchell/Kane.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na háiteanna seo a thug cead dúinn grianghraif a ghlacadh;

Gaeltacht Bhóthar Seoighe

Gaelscoil na bhFál

Ionad Uíbh Eachach

P.E.C., Ollscoil na Banríona

Goodfellows

Is iad **Ciarán Ó Pronntaigh** agus **Gabhán Ó Dochartaigh** a rinne eagarthóireacht ar an chlár.

Banda 2(a)	Spriocanna Foghlama	An téacs/na pictiúir	Ciall an téacs agus an cineál scéil/seánra	Frásaí/ Comhréir	Spriocfocail -Focail Radhairc	Eolas fóineolaíoch/ Cód lag teacht le Fónaic na Gaeilge	Poncaíocht
Teideal, clúdach, srl. a aimsiú	2, 3 líne téacs – furasta a thuar	Ficsean 60%, scéalta a leanann patrún simplí – tús, lár agus deireadh soiléir	Abairtí/frásaí ar eolas ó bhéal	Focail atá ar eolas ó bhéal a úsáid	Aird ar rím, siollaí agus fuaimeanna sna focail le	Ceannlitir agus lánstad	
Tuigeann go léitear ó chlé go deas	Abairtí gairide a aithníonn na léitheoirí ó bhéal	Abairtí gairide a aithníonn na léitheoirí ó bhéal	Abairtí/frásaí le cleachtadh/daingniú	10 bhfocail radhairc eile 2(a)	tacú leis an léitheoireacht	Comhartha ceiste	
Meitseáil aon go haon a dhaingniú	Clófhoireann chéanna	Neamhfhicsean 40% le téamaí ADTO	Athrá maidir le focail/frásaí	Is focail theibí iad seo	Focail atá furasta a dhíchódú	Comharthaí uailbhreasa	
Focail radhairc a léamh	2 abairt ar líne amháin	Leabhair eolais, treoracha, srl le clár, innéacs, lipéid, srl.	Séimhiú i bhfrásaí atá ar eolas ó bhéal – a <i>mhamaí</i> , sa <i>charr</i> , <i>mo phóca</i>	Spriocfocail Bhandra 1, 2(a) a athúsáid lena ndaingniú x 40 focal	Focail CGC a dhíchódú trí fhóinéimí a nascadh agus ciall a bhaint astu	Comharthaí cainte	
Focail fuaime a léamh	Abairtí ag dul thar dhá líne	Roinnt leabhar ina bhfuil rím	Uimhir iolra atá ar eolas ó bhéal	Na focail seo a athrá - cleachtadh agus daingniú	Focail CGC a dhíchódú trí fhóinéimí a nascadh agus ciall a bhaint astu	Corrshampla de chamóg le sos, sa chuntas agus i ndánta	
Pictiúr/túsphuaim/leid eile le focail suime a léamh	Tacaíocht sna pictiúir	Bolgáin chainte	Fleiscín, d', béim, aidiachtaí, réamhfocail le frásaí aitheanta	Na focail seo a athrá - cleachtadh agus daingniú	Ansin, fuaimeanna eile atá coitianta sa Ghaeilge – nn , ll , rr , ch , ph , bh , mh		
Scileanna smaointeoireachta/anailíseacha a spreagadh	Pictiúir ag tacú agus ag cur leis an scéal					Cuirtear tús le s , t , d caol agus leathan	
Scileanna díchódaithe agus tuiscena a dhaingniú						Tús le ua , ia i bhfocail	
Seánraí a thuiscint							

Banda 2(b)	Spriocanna Foghlama	An téacs/na pictiúir	Ciall an téacs agus an cineál scéil/seánra	Frásaí/ Comhréir	Spriocfocail – Focail Radhairc	Eolas fóineolaíoch/ Cód (ag teacht le Fónaic na Gaeilge)	Poncaíocht
Meaitseáil aon go haon a dhaingniú	Focail radhairc a léamh	2, 3, 4 líne téacs – furasta a thuar ach abairtí a athraíonn	Ficsean 60%, scéalta a leanann patrún simplí – tús, lár agus deireadh soiléir	Abairtí/frásaí ar eolas ó bhéal	Focail atá ar eolas ó bhéal	Rím, siollaí agus fuaimneanna sna focail	Ceannlitir agus lánstad
Focail radhairc a léamh	Focail fuaimneanna a léamh	Abairtí gairide a aithníonn na léitheoirí ó bhéal	Neamhfhicsean 40% le téamaí ADTO	Abairtí/frásaí le cleachtadh/daingniú	10 bhfocal radhairc eile 2(b). Is focail theibí iad seo	Focail atá furasta a dhíchódú a úsáid	Comhartha ceiste
Pictiúr, túsfuaim nó leid eile a úsáid le focail suime a léamh	Scileanna smaointeoireachta/analíseacha a spreagadh	Clófhoireann chéanna 2 abairt ar líne amháin	Leabhair eolais, treoracha, srl ina bhfuil clár, innéacs, lipéid, srl.	Athrá maidir le focail/frásaí	Spriocfocail Bhandra 1, 2(a), 2(b) a athúsáid lena ndaingniú x 50 focal	Focail a dhíchódú – fóinimí a nascadh agus ciall a bhaint astu	Comharthaí cainte
Scileanna smaointeoireachta/analíseacha a spreagadh	Scileanna díchódaithe agus tuisceana a dhaingniú	Abairtí ag dul thar dhá líne	Roinnt leabhar ina bhfuil rím	Séimhiú/urú i bhfrásaí atá ar eolas ó bhéal – a <i>mhamáí, sa charr, mo phóca, ar an chat/ar an gcát</i>	Na focail seo a athrá – cleachtadh agus daingniú	Apsin, fuaimneanna eile atá coitianta – litreacha dúbailte, ch, bh, fh, th, mh	Camóga le sos a léiriú
Scileanna díchódaithe agus tuisceana a dhaingniú	Seifteanna a úsáid, m.sh. focail bheaga a aimsiú i bhfocail mhóra	Tacaíocht sna pictiúir	Bolgáin chainte	Uimhir iolra atá ar eolas ó bhéal	Athrá - cleachtadh agus daingniú	Athchleachtadh – s, d, t caol agus leathan	Camóga le liostaí
Seánraí a thuiscint		Pictiúir ag tacú agus ag cur leis an scéal		Fleiscín, d', béim, aidiachtaí, réamhfocail le frásaí aitheanta		bh caol agus leathan ia/ua i bhfocail	Tús le cineálacha éagsúla í

Banda 2(c)	Spriocanna Foghlama	An téacs/na pictiúir	Ciall an téacs agus an cineál scéil/seánra	Frásaí/ Comhréir	Spriocfhocail x10	Eolas fóineolaíoch/ Cód (ag teacht le Fónaí na Gaeilge)	Poncaíocht
Meaitseáil aon go haon a dhaingniú	Focail radhairc a léamh	3, 4, 5 líne téacs - furasta a thuar ach abairtí a athraíonn	Ficseán 60%, scéalta a leanann patrún simplí - tús, lár agus deireadh soiléir	Abairtí/frásaí ar eolas ó bhéal	Focail atá ar eolas ó bhéal a úsáid	Rím, siollaí agus fuaimneanna sna focail	Ceannlitir agus lánstad
Focail radhairc a léamh	Focail fuaimne a léamh	Abairtí gairide a aithníonn na léitheoirí ó bhéal	Neamhfhicseán 40% ag teacht le téamaí ADTO	Abairtí/frásaí le cleachtadh/daingniú	10 bhfocal radhairc eile 2(c) Is focail theibí iad seo	Focail atá furasta a dhíchódú a úsáid	Comhartha ceiste
Pictiúr, túsphuaim nó leid eile a úsáid le focail suime a léamh	Scileanna smaointeoireachta/analíseacha a spreagadh	Clófhoireann chéanna 2 abairt ar líne amháin	Leabhair eolais, treoracha, srl. ina bhfuil clár, innéacs, lipéid, srl.	Athrú maidir le focail/frásaí	Spriocfhocail Bhandra 1, 2(a), 2(b), 2(c) a athúsáid lena ndaingniú x 60 focal	Focail a dhíchódú - fóinéimí a nascadh agus ciall a bhaint astu	Comharthaí cainte
Scileanna smaointeoireachta/analíseacha a spreagadh	Scileanna díchódaithe agus tuisceana a dhaingniú	Abairtí ag dul thar dhá líne	Roinnt leabhar ina bhfuil rím	Séimhiú/urú - ar eolas ó bhéal - <i>mhamáí, sa charr, mo phóca, ar an chat/ar an gcat</i>	Na focail seo a athrú - cleachtadh agus daingniú	Ansin, fuaimneanna eile atá coitianta - litreacha dúbailte, ch, th, bh, mh	Camóga le sos
Scileanna díchódaithe agus tuisceana a dhaingniú	Seifteanna a úsáid, <i>m.sh.</i> focail bheaga a aimsiú i bhfocail mhóra	Tacaíocht sna pictiúir	Bolgáin chainte	Uimhir iolra atá ar eolas ó bhéal	Athrú - cleachtadh agus daingniú	Athchleachtadh - s, d, t, bh caol agus leathan <i>ia/ua</i> i bhfocail	Camóga le liostaí
Seánraí a thuisceant		Pictiúir ag tacú agus ag cur leis an scéal		Fleiscín, d', béim, réamhfocail le frásaí aitheanta <i>oll-, ró-</i> roimh fhocail		Cineálacha éagsúla í agus ú	

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá leagan - 0

Teideal	Spricfhocal	Focail Fuaime	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
1 Ag Cuidiú le Daidí ficsean	agus	tá mé an tábla spád mór mála go gasta sa ch istin pizza	agus agam ag anois	Daidí scuab ag obair ag glanadh ag péinteáil ag súgradh ag rith siopa liosta teach	mise	Ceannlitir agus lánstad Camóg le sos a léiriú i ndiaidh <i>anois</i> Dhá líne téacs ar gach dara lch. – abairt ar gach líne. Líon focal - 83	Líon na siollaí sna focail suime Fuaim chéanna ag deireadh - <i>liosta, gasta, mála, siopa, mise</i> Focail le á, <i>ag súgradh, ag péinteáil, ag glanadh</i> An deireadh – <i>súgradh, glanadh</i> Focail le á – <i>tá, tábla, spád, mála</i> t caol, <i>teach, cistin, péinteáil</i>
2 Am Luí ficsean, leabhar le rím	agus	Carla a dó sásta ina stop é ó an urlár am Connla	níl bhí ann arsa anois isteach siad tá ar sin	léim Daidí ina suí ina luí	mise a haon a trí suas	Camóga ag deireadh línte – dán Camóga sa chuntas Comharthaí cainte Comharthaí uailbhreasa Dhá líne téacs ar gach lch. Téacs le rím Líon focal - 122	Rím le focail le fuaim í, <i>ina luí, ina suí, bhí, trí, Daidí</i> Leagan amach dán Cairt le heachtraí agus toradh <i>ar + sa = arsa</i> <i>is + teach = isteach</i> t caol, <i>isteach, trí</i>
3 Mór agus Beag neamhfhicsean	beag	é mór trom í frog glas ard amharc	is seo sé agus amharc sí tá	srónbheannach pearóid eilifint sioráf féileacán liath		Ceannlitir agus lánstad Abairtí gairide – níos mó ná abairt amháin ar líne amháin Líne nó dhá líne téacs ar gach lch. Líon focal - 52	Líon na siollaí sna focail suime Aidiachtaí a úsáid Inscne na n-ainmhithe s caol – <i>sí, seo, sé</i>

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá leagan - 0

Teideal	Spríochfocal	Focail Fuaimne	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
4 Na Gabhair ficsean	beag	an le ba glas a mór cé mo é Troll	ar ba mhaith liom leis seo atá	droichead gabhar féar ithe measartha	suas mo dhroichead	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa - le hiontas Comharthaí cainte Lipéid Trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí níos faide ag dul thar dhá líne Líon focal - 89	mo + séimhiú Litreacha dúbailte - troll Réamhfhocail – <i>ar an droichead, faoin droichead</i> An dá s – suas, glas/leis, seo (pléigh an difear)
5 Barra agus an Poll ficsean	rinne	cé mar Bran tusa ní há Barra poll	ar ann bhí an arsa seo sin beag is é ag mé	cailín talamh coinín iora rua fear obair ithe súgradh tochailt	D’amharc mise anseo	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Bolgán cainte Lipéid Dhá nó trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Líon focal - 95	Líon na siollaí sna focail suime Litreacha dúbailte poll, Barra, rinne an + seo = <i>anseo</i> Focail le ag... <i>mé/mise tú/tusa</i> An dá s, sin, seo, mise/súgradh, tusa ú, talamh, súgradh
6 Tá Nead ag an Éan neamhfhicsean	rinne	le clábar forc	tá an ag seo sé ann agus an bhfuil?	nead éan duilleoga féar cleití líon damháin alla		Comhartha ceiste Dhá nó trí líne téacs Abairtí ag dul thar dhá líne Lipéid Innéacs Líon focal - 106	Lipéid/Innéacs i leabhair Uimhir iolra, <i>cleití, duilleoga</i> Litreacha dúbailte, rinne, ann

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá leagan - 0

Teideal	Spriocfhocal	Focail Fuaimne	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
7 An Teach Nua ficsean	chuir	Róbat folcadán é ná sorn stop bocht	ag tá ann sin anois arsa sa	teach Daideo seomra folctha leaba seomra suí seomra leapa	nua cuir ansin anseo sa chistin	Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Lipéid Dhá nó trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Líon focal - 96	ch, chuir , sa chistin , chuir agus cuir Orduithe, ná cuir.. An dá s, seomra , sin/ sa, sorn An dá t, cistin , teach/róbat, tá
8 Barra agus an Bruscar ficsean	chuir	bosca lán hé cé bruscar banana mála hí tusa Barra ann canna poll mo phóca	arsa sé ann nil seo iad tá sa atá an agus amharc é	bosca bruscair claibín	anseo ansin sa pháirc	Comharthaí uailbhreasa Comharthaí ceiste Comharthaí cainte Struchtúr le ceist agus freagra Dhá nó trí líne téacs ar gach lch. Líon focal - 134	Líon na siollaí sna focail suime/ fuaimne mo + séimhiú Litreacha dúbailte, Barra, ann, canna, poll An fhuaim ph, sa pháirc , mo phóca
9 Sa Siopa ficsean	fuair	a le mo mála	bhí chuir iad mé sa é	siopa mo mhamaí meacain dhearga tralaí pónairí piorraí mealbhacán uisce brioscaí ciste	nuair	Comhartha uailbhreasa le béim Dhá líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Bearna san insint, léirithe ag poncanna -ag dul thar dhá lch. Líon focal - 111	Béim ar an túsphuaim Líon na siollaí sna focail suime <i>fuair/nuair</i> ua, fuair , nuair Glasraí agus torthaí - teanga An dá s, sa , brioscaí/ciste , siopa An dá t, tralaí, ciste

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá leagan - 0

Teideal	Spricfhocal	Focail Fuaime	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
10 Rinne mé Cístí neamhfhicsean	fuair	sna í go do bí na mór rud tábla naprún plúr im púdar bÁCála spúnóg cúramach gach cásanna	rinne is mé tá sa maith liom seo agus chuir ar iad isteach bhí agam an	cístí teach babhla crúiscín siúcra ubh bainne Daidí oigheann ithe mheasc	inniu ansin ag cuidiú réidh sa bhabhla	Comharthaí uailbhreasa Camógale liosta Bolgáin chainte Líne, dhá líne nó trí líne téacs ar gach lch. Líon focal - 136	Líon na siollaí sna focail suime Teoracha a leanúint in ord An fhuaim ch Litreacha dúbailte <i>nn</i> An dá t, <i>teach, cístí, isteach/tábla</i>
11 Luchóga sa Teach ficsean	tháinig	turtar trá go as gasta san le mór mall poll gach sa pholl	bhí ar sí ag sa an amharc anois seo raibh siad dul isteach cá bhfuil? rinne na agus	Mamaí uisce sa ghaineamh uibheacha ubh babai portáin na héin siúl	suas síos	Comhartha uailbhreasa le béim Comhartha ceiste Líne, dhá líne nó trí líne téacs ar gach lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Líon focal - 113	Pictiúir seichimh le plé sa + séimhiú, <i>sa pholl, sa ghaineamh</i> Litreacha dúbailte, <i>poll, mall</i> Uimhir iolra, <i>na héin, portáin</i> ia, <i>siad</i> ua, <i>suas</i> an dá s, <i>síos, siúl, seo, sí/sa, as, gasta, suas</i> an dá t, <i>turtar, trá, portáin/isteach</i> bh, <i>bhí, ubh uibheacha (ach raibh)</i>
12 An Turtar neamhfhicsean	tháinig	na cé cat u-ó mí-á-ú go gasta luchóga sa chófra sa pholl san fholcadán	isteach siad bhí ag an sa amharc ann	teach seomra leapa leaba seomra folctha súgradh	rua sa chistin	Comharthaí uailbhreasa Comharthaí ceiste Bolgán cainte Dhá nó trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Líon focal - 79	Líon na siollaí sna focail suime Seomraí An fhuaim ch Na focail <i>is</i> agus <i>teach</i> san fhocal <i>isteach</i> An dá s, <i>seomra, siad, cistin/san, sa, súgradh</i> An dá t, <i>cat, teach</i> ia, <i>siad</i> ua, <i>rua</i>

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá leagan - 0

Teideal	Spríocfhocal	Focail Fuaimne	Focail radhairc-athraithe	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
13 Déan Pictiúr neamhfhicsean	déan	mór ard le go na cé do crann donn scamall sa chrann fómhar	liom go bhfuil agat anois an bhfuil agus amharc ar sé atá sa an í seo	pictiúr páipéar siosúr duilleoga buí gliú dearg oráiste gráinneog iora rua cnónna cnó ag ithe	cinnte beaga déanta cuir sa phictiúr do phictiúr	Comhartha ceiste Camóga le liosta Dhá líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Téacs treorach Líon focal - 103	Líon na siollaí sna focail suime déan/déanta chuir/cuir beag/beaga sa + séimhiú do + séimhiú ll, <i>scamall, duilleoga</i> nn, <i>crann, gráinneog, cnónna, cinnte, donn</i> an dá d, <i>donn, do, duilleoga/déan, déanta</i>
14 Mac ficsean	déan	Mac na bróga ná Úna sásta cé pláta cat tar bocht amach	seo is é an beag déan arsa sin leat amach leis liom sé ar mé	coileán Mamaí leabhar stocaí bróga tí leaba dinnéar cairt Rebus	arís liomsa sa ghairdín ansin d'ith liomsa	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Dhá nó trí líne téacs ar gach lch. Níos mó ná abairt amháin ar líne amháin Abairtí ag dul thar dhá líne Cairt Rebus le léamh Líon focal - 137	Líon na siollaí sna focail suime/fuaimne d' , san fhocal <i>d'ith</i> an + sin = <i>ansin</i> ar + sa = <i>arsa</i> liom+sa Focail bheaga i bhfocail, <i>bróga, leaba, amach, amach</i> d caol, <i>déan, dinnéar, d'ith</i>
15 Cara ag Cuidiú ficsean	chuig	cá Cara sconsa cat san mór bí le ann cúramach sa charr	cá bhfuil? ag dul sí tá an atá sa chuig anois siad	rith gabhar uisce siúl simléar éan beacha iasc	suas sa ghairdín	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Bolgán cainte Struchtúr le ceist agus freagra Trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Líon focal - 106	Líon na siollaí sna focail suime Na siollaí san fhocal <i>sconsa</i> An dá s, <i>sconsa, san, sa, suas, iasc/sí, siad, siúl, simléar</i> ia, <i>siad, iasc</i>

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá leagan - 0

Teideal	Spríocfhocal	Focail Fuaimne	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
16 Go Mall san Oíche ficsean, leabhar le rím	chuig	cé a na mór ina don gan le go sona poll donna sa chrann ulchabhán bhocht	bhí ag ann ar tháinig sí sa tá beag seo maith ba mhaith dul anois ar	gráinneog buí coíníní sionnach teach ina luí	ag siúl amuigh lorg tí ansin ar bith a luí duilleoga	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Camóga le scíth/dán Líne amháin téacs ar gach lch. Téacs le rím Struchtúr le ceist agus freagra Líon focal - 75	ch, sa chrann , ulchabhán bh, bhocht , ulchabhán an + sin = <i>ansin</i> Uimhir iolra <i>duilleoga donna/coíníní (beaga)</i> An dá s, <i>sona, sa/sí, seo, anois, siúl</i>
17 Rudaí Móra neamhfhicsean	nach	mór go hard móra roth long	seo sé ag sí ar an tá sa é í	eitilt eitleán eitleáin héilecaptar spéir traein rothaí leoraí uisce buí	an t-eitleán	Comharthaí ceiste (<i>le ceist reitriciúil</i>) Lipéid Innéacs Líon focal - 79	Siollaí sna focail suime eitilt/eitleán/eitleáin fleiscín, an t-eitleán an dá t, <i>traein, tá/eitilt, eitleán</i>
18 Ag Iascaireacht ficsean	nach	ba mór sásta Mamó mó cé lú blasta amharc santach nach	tháinig chuig ba mhaith liom arsa ag an í fuair bhí beag is amharc raibh sin bhí atá ar é	Mamáí uisce iasc Daidí Daideo faoileán dinnéar cairt mapála iascaireacht	síos liomsa an t-iasc iasc Mhamaí iasc Dhaidí iasc Mhamó iasc Dhaideo misc	Comharthaí ceiste (<i>le ceist reitriciúil</i>) Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Lipéid Focail agus pictiúir a mheaitseáil Líon focal - 124	Siollaí sna focail suime mh, amharc , iasc mhamaí , iasc mhamó liom/liomsa fleiscín, an t-iasc Séimhiú - <i>iasc Mhamaí</i> an dá d, Daidí , Daideo/Daidí , Daideo , dinnéar

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá leagan - 0

Teideal	Spríocfhocal	Focail Fuaime	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
19 Ag Athchúrsáil neamhfhicsean	muid	rud le bosca mór glas lán móra glasa sa charr gach sa bhosca donn ann	bhí ag an sa amharc isteach ann chuir seo fuair nach maith siad	athchúrsáil Daidí páipéar gorm adhmad gloine cairtchláir liath duilleoga ag obair málaí buidéil		Comharthaí uailbhreasa Lipéid Dhá nó trí líne téacs ar gach lch. Dhá abairt ar líne amháin Líon focal - 121	Líon na siollaí sna focail suime Dathanna <i>ch, gach,</i> <i>athchúrsála sa</i> <i>charr, cairtchláir</i> <i>nn, donn, ann</i>
20 Micí ficsean	muid	le Micí cosán san sa charr sa chlábar salach linn	bhí agus tháinig isteach is sa an atá maith liom arsa chuig dul nach ag	Daidí uisce teach súgradh siúl	mise sa pháirc an pháirc síos	Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Dhá nó trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Léarscáil le lipéid Líon focal - 102	<i>ch, sa charr, sa</i> <i>chlábar, salach,</i> <i>nach, teach</i> <i>focail le ag, ag</i> <i>súgradh, ag siúl</i> <i>an dá s, siúl, mise,</i> <i>uisce, síos/sa, san,</i> <i>arsa, salach, cosán</i>

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá Leagan 5 – 1, 7, 8, 11, 20

Teideal	Spríocfhocal	Focail fuaimne	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sna pictiúir)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
1 Tá Teach ag an Chat/Tá Teach ag an gCat <i>ficsean, leabhar le rím</i> Dhá Leagan	chuaigh	go gasta cat sásta ba tusa trom fan slán nach sa chrann ar an bhrat ag an chat	chuig tháinig nach bhí an sa tá é ba mhaith liom dul sin leat seo isteach	nead talamh teach	an t-éan suas imigh ar ais liomsa a luí ar an mbrat chuig an chat chuig an gcat	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Líne nó dhá líne téacs ar gach lch. Téacs le rím Léarscáil le heochair Líon focal - 108	Fleiscín, <i>an t-éan</i> liom/liomsa teach/isteach ch, <i>nach, sa chrann, chuig an chat, teach</i> ua, <i>suas, chuaigh</i> an dá t, <i>leat, trom, cat, brat, sásta talamh/isteach, teach, an t-éan</i> urú -mb, gc, <i>ar an gcat, ar an mbrat</i>
2 Cá bhfuil mo theach? <i>ficsean</i>	chuaigh	cá tú mo bus <i>cnoc</i> stop do ní bí stad cé slán turas Arracht sa bhus bóthar cúramach	isteach cá bhfuil ag dul arsa chuig sé beag seo é arsa an ba mhaith liom leis mé sa tá ar	tiománaí cnoc teach buí bándearg	mo theach do theach mo theachsa liomsa síos suas ansin d'amharc	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Bolgáin chainte Líon focal - 160	mo/do theach mo theachsa (<i>béim</i>) ar + sa = <i>arsa</i> an + sin = <i>ansin</i> d'amharc (<i>d'ith, d'ól</i>) é, sé, cé, (<i>mé</i>) ch, <i>teach, arracht, cúramach</i> ua, <i>suas, chuaigh</i>
3 An Ubh Bheag Bhán <i>ficsean, leabhar le rím</i>	amach	go sona lá as fad slán tú mo amach sa pholl a ghrá ulchabhán	bhí chuaigh sí leis agus isteach cá bhfuil ag an sa í ar dul chuig sin tháinig beag	ubh nead cnoc coinín an t-ulchabhán spéir talamh buí ina luí sícín	ubh bheag bhán ansin pic peic poc síos arís suas mo mhamáí mo chroí ansin	Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Comharthaí ceiste Bearnaí san insint, poncanna lena léiriú Dhá líne téacs ar gach lch. Téacs le rím Líon focal - 137	mo + séimhiú an + fleiscín rím – <i>nead/fad, bhán/slán, pholl/ dul</i> Focail bheaga i bhfocail – <i>a ghrá, arís, amach, isteach, slán</i> An dá s, <i>sa, slán, sona, suas, agus/sicín, sí, leis, síos</i> ua, <i>suas, chuaigh</i>

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá Leagan 5 – 1, 7, 8, 11, 20

Teideal	Spriocfhocal	Focail fuaimne	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sna pictiúir)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
4 Ag Dul Amach ficsean	amach	na mór ocras lón bruscar slán móra sa charr amach sa bhosca clocha	chuaigh sé an ar sa tháinig chuig ar ann isteach leis cá bhfuil dul chuir ag bhí	cnoc uisce ag siúl Seán bosca bruscair	suas sa choill ansin bruscair	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Camóg le sos Dhá nó trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Léarscáil le lipéid Líon focal - 87	Na siollaí sna focail suime/i gcomhthéacs <i>rr, carr</i> <i>ch, sa choill, sa charr</i> <i>bh, sa bhosca, cá bhfuil</i> <i>an + sin = ansin</i> <i>is + teach = isteach</i> <i>s caol, siúl, Seán, leis</i> ua, suas, chuaigh
5 Déan Dráma neamhfhicsean	thóg	na bosca cárta pota rópa dráma rud tábla mór a dó cé glas Troll gránna sa bhosca nach	an bhfuil seo an agat mé é rinne muid fuair chuir ar agus nach iad leis beag anois sin ba mhaith liom	scuab péint gliú téip bataí siosúir páipéar uisce pictiúr droichead gabhair gabhar féar	rudaí deas anseo measartha a haon a trí arís mo dhroichead anseo	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Camóga le liosta Dhá nó trí líne téacs ar gach lch. Bolgáin chainte Abairtí ag dul thar dhá líne Lipéid Líon focal - 183	Siollaí sna focail suime/fuaimne mo + séimhiú na téarmaí, mór, measartha, beag gabhar/gabhair mé, cé, é <i>an dá d, dráma, rud, a dó, droichead/déan, muid, deas</i> ua, scuab
6 An Fear Grinn ficsean	thóg	na hata srón go sróna ina mór mála corcra glas ann poll amach sa mhála	sé agus chuaigh chuig ann an arsa chuir isteach anois agam níl tá é í an sa	fear grinn peann luaidhe scríobh liosta siopaí siopa léine léinte hataí buí oráiste bándearg dearga gorm	deasa anseo d'amharc	Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Bearna san insint, léirithe ag poncanna Dhá nó trí líne téacs ar gach lch. Liostaí Líon focal - 163	Siollaí sna focail suime <i>uatha/iolra, srón/sróna, hata/hataí, léine/léinte, siopa/siopaí</i> na dathanna <i>is + teach = isteach</i> <i>an + seo = anseo</i> d'amharc (d'ól, d'ith)

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá Leagan 5 – 1, 7, 8, 11, 20

Teideal	Spríocfocal	Focail fuaimne	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sna pictiúir)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
7 An tSeachtain neamhfhicsean Dhá Leagan	thig/féidir	mór spórt ní cur linn sa chlós ar ball Satharn	sé dul amach is maith chuig is an tá sa é seo muid anois	grianmhar gaofar fliuch scoil ag cur sneachta ag obair súgradh	inniu Luan An Mháirt An Chéadaoin Déardaoin Aoine Domhnach arís an pháirc an bpáirc ar an chnoc ar an gcnoc	Dhá líne téacs ar gach lch. Téacs ag dul thar dhá líne Níos mó ná abairt amháin ar líne amháin Leabhar le flapáí Tábla aimsire Cairt balla le siombailí/lipéid Líon focal - 116	Laethanta na seachtaine An aimsir Líon na siollaí sna laethanta ch, sa chlós, sneachta, Domhnach, Chéadaoin, chnoc, amach, fliuch cnoc (fuaim r - i gCúige Uladh) Déardaoin, Céadaoin, Aoine ua, luan ia, grianmhar urú - bp, gc, chuig an bpáirc , ar an gcnoc
8 Lámha neamhfhicsean Dhá Leagan	thig/féidir	mo ordóga cá le i do brící puzal drumma úll lámha	seo iad agam agus ar agat liom déan beag tá atá an	lámh méara méar scríobh leabhar ríomhaire péinteáil péint pictiúr teach cluichí peil iomáint liathróid láimhe ithe ól ceapaire bainne	dhá cá mhéad mo phictiúr cuir súgradh liomsa seinm ar an fheadóg ar an bhfeadóg ar an chláirseach ar an gcláirseach ar an fhidil ar an bhfidil imirt	Comharthaí ceiste Bolgáin chainte Dhá nó trí líne téacs ar gach lch. Líon focal - 210	Líon na siollaí sna focail suime lámh/lámha méar/méara chuir/cuir liom/liomsa Na frásaí – <i>peil a imirt, cluichí a imirt, úll a ithe srl.</i> fh ciúin, ar an fhidil , ar an fheadóg an dá d, fidil, déan/cá mhéad, feadóg, drumma, ordóga urú - bhf, gc ar an gcláirseach , ar an bhfidil
9 Na Péisteanna ficsean	chonaic	na hata cé i mo sna bróga le go crosta a chosa nach	nach iad arsa thóg sé agus chuir is atá sa maith rinne	Peadar péisteanna Daidí stocáí Mamaí crúiscín gáire picteagraf	deas sa chrúiscín anseo	Comharthaí ceiste Comharthaí cainte Dhá líne téacs ar gach lch. Pictéagraf a léiríonn eolas Líon focal - 122	Siollaí sna focail suime ch, a chosa, sa chrúiscín, chuir, nach Litir mhór, <i>Peadar, Mamaí, Daidí</i> An dá d, Daidí, Peadar/deas, Daidí

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá Leagan 5 – 1, 7, 8, 11, 20

Teideal	Spríocfocal	Focail fuaimne	Focail radhairc-athraithe	Focail suime (léirithe sna pictiúir)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
10 Turas sa Charr ficsean	chonaic	stop trá sásta sa charr loch linn carr nach amach	chuaigh muid amach nach siad bhí ann ba mhaith cá bhfuil anois seo ar atá an sa ag	faoileáin ag eitilt spéir páistí ag ithe uachtar reoite gaineamh fíir ag obair uisce gorm snámh Mamaí Daidí	sa pháirc go crua	Comharthaí ceiste Comharthaí cainte Dhá nó trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Líon focal - 85	Siollaí sna focail suime ch, loch , sa charr , nach , amach á, trá , atá , sásta an dá s, sa , stop , sásta , snámh/siad , páistí , uisce , anois ia , siad ua , crua , uachtar , chuaigh
11 Seachtain le Conall neamhfhicsean Dhá Leagan	air	mo ní brón mé cúl san go hard Conall amach áthas rothar linn nach snámha Satharn	agus ag tá dul amach thig/is féidir liom ar an nach maith fuair chuig isteach ba mhaith leat	súgradh ag imirt eagla uisce ag péinteáil peil a imirt fearg ag dreapadh	inniu an Luan an Mháirt an Chéadaoin Déardaoin Aoine Domhnach sa ghairdín cispheile mo phictiúr sa pháirc suas síos a Chonaill	Comharthaí uailbhreasa Bolgáin chainte Dhá nó trí líne téacs ar gach lch. Líon focal - 151	Siollaí i laethanta na seachtaine th, áthas , rothar , Satharn , maith mh , snámha , an Mháirt focail le <i>ag</i> , <i>ag imirt</i> , <i>ag dreapadh srl</i> . dul le túsphuaim g (<i>Cúige Uladh</i>) an dá s, san , áthas , agus , súgradh , Satharn , snámha/uisce , cispheile
12 Cá bhfuil an cat? ficsean	air	cat ocras urlár ná tábla mór turas luchóg sa chófra amharc	cá bhfuil? amharc anois seo ar sin arsa isteach liom tá an mé sa	rith buicéad	ná hith sa bhucéad síos	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Bolgáin chainte Trí nó ceithre líne téacs ar gach dara lch. Líon focal - 137	Rím le hith agus rith ocras/turas – deireadh céanna ar + sa = <i>arsa</i> is + teach = <i>isteach</i> Focail bheaga i bhfocail – tábla , luchóg , anois , isteach , síos , rith , urlár

Ficsean – 13 Neamhfhicsean – 7 Dhá Leagan 5 – 1, 7, 8, 11, 20

Teideal	Spríocfhocal	Focail fuaime	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sna pictiúir)	Focail i gComhthéacs	Poncaíocht agus téacs	Pointe foghlama
13 Barra agus an Ciste ficsean	níor	cá é cé a i hí go mo tusa cat crosta hamstar Bran blasta turas tús Barra nach	cá bhfuil? arsa ar bhí nach mé an é ag	ith ag snámh ag rith deireadh	mo chiste mise luí d'ith an t-iasc	Comharthaí ceiste Comharthaí uailbhreasa Comharthaí cainte Dhá nó trí líne téacs ar gach dara lch. Turais an scéil le lipéid Líon focal - 123	Na focail <i>mise</i> , <i>tusa</i> D'ith, an d' san aimsir chaite roimh ghuta Fleiscín – an t-iasc <i>tusa</i> , <i>crosta</i> , <i>blasta</i> , <i>mise</i> , <i>ciste</i> – an deireadh céanna <i>tusa/tús</i> an dá t, <i>tusa</i> , <i>cat</i> , <i>tús</i> , <i>crosta</i> , <i>blasta/ciste</i> , an t-iasc
14 An Rás Sneachta ficsean	níor	go gasta stop in am le frog bhog sa chrann luchóg carr	tháinig sé isteach chuaigh agus sí sa an	coinín cnoc sneachta lacha thit carr sleamhnáin coileach cearc béar	síos suas aris bhris	Comharthaí uailbhreasa Camóga le sos Trí líne téacs ar gach dara lch. Abairtí ag dul thar dhá líne Líon focal - 113	Siollaí sna focail suime bh, san fhocal bhog an dá bh, bhog/bhris an dá s, <i>stop</i> , <i>gasta</i> , <i>suas/sé</i> , <i>sí</i> , <i>síos</i> , <i>aris</i> , <i>bhris</i> ach sna focail <i>sneachta</i> , <i>isteach</i> , <i>coileach</i> , <i>lacha</i> ua , <i>suas</i> , <i>chuaigh</i>
